teagascteanga.com

LITIR ~ Scoil Nua

134 Bóthar na Siopaí
Inis Córthaidh
Loch Garman
26 Meán Fómhair

A Liam, a chara,

Conas atá tú? Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Míle buíochas as an litir a fuair mé ar maidin. Bhí sé iontach cloisteáil faoin seandream. Tá brón orm nár scríobh mé níos luaithe ach, mar is eol duit, tá mé ag freastal ar scoil nua agus tá mé an-ghnóthach.

Is breá liom an scoil nua, creid nó ná creid. Tá mé sa dara bliain arís agus is mise an duine is sine sa rang, ach is cuma liom. Tá na daltaí sa rang cairdiúil agus cainteach. Réitím go h**an-mhaith** leo.

Is áit mhór í. Tá cistiní, bialann, saotharlanna, leabharlann agus áiseanna spóirt sa scoil. Tá sé chéad dalta ag freastal ar an scoil agus timpeall seasca múinteoir ag múineadh inti. Tá na múinteoirí cabhrach ach uaireanta bíonn siad **an-chrosta**.

Déanaim deich n-ábhar scoile i mbliana. Déanaim Gaeilge, Béarla, Mata, Tíreolaíocht, Stair, Fraincis, Eolaíocht, Corpoideachas, O.S.S.P agus O.S.P.S. Is é Corpoideachas an t-ábhar is fearr liom, ar ndóigh. Mar is eol duit, taitníonn spóirt de gach saghas liom.

Tá na háiseanna spóirt ar fheabhas. Tá páirceanna imeartha, cúirt cispheile, cúirt leadóige, raon reatha agus halla spóirt anseo. Is cúl báire mé ar fhoireann peile na scoile. Imrímid gach lá tar éis scoile *ar an bpáirc* imeartha.

Caithfidh mé imeacht anois. Scríobh ar ais chugam go luath,

Do chara buan, Matthew

Toraíocht Nathanna Cainte agus Focal
Thank you for…
sometimes they are very cross...
It was wonderful to hear about the…
I am in second year…
believe it or not…
I get on very well with them…
Every type of sport…
Sports facilities…
On the school team…
My favourite subject…
basket-ball court
I hope that you are…
We play every day…
As you know…
This year…
I have to go now…
Write back to me soon…
pitches...
attending the school...
laboratories...

Ceisteanna ó bhéal:

1. Cad is ainm don bhuachaill a scríobh an litir seo?
2. Cén bhliain ina bhfuil sé ar scoil?
3. An maith leis an scoil?
4. Cé an duine is sine sa rang?
5. An réitíonn sé go maith leis na daltaí eile sa rang?
6. Cé mhéad dalta a fhreastalaíonn ar an scoil?
7. Cé mhéad ábhair scoile a dhéanann sé i mbliana?
8. An bhfuil na háiseanna spóirt go maith sa scoil?
9. Cad iad na háiseanna spóirt sa scoil?
10. Cén spórt a imríonn sé gach lá?
11. Can you come up with a rule for the grammar example in bold in the letter?
12. Can you come up with a rule for the grammar example in *italics* in the letter?

Abairtí le haistriú:

1. I enjoy all types of music.
2. I enjoy Irish.
3. I enjoy English because the teacher is friendly.
4. As you know, I enjoy Maths.
5. As you know, I am in second year.
6. As you know, I am a goal-keeper.
7. We play tennis on the school team.
8. We play basketball after school on the basket-ball court.
9. We play tennis every day on the tennis-court.
10. We play in the sports hall this year.